

[02_01.mp3](#)

Téipscrip **Bileog 2.1**

Tá mé ocht mbliana d'aois.
Níl an leanbh ach bliain d'aois.
Tá Sinéad cúig bliana d'aois.
Tá Brian dhá bhliain d'aois.
Tá mise naoi mbliana d'aois.
Níl Pól ach ceithre bliana d'aois.
Tá mo dheirfiúr sé bliana d'aois.
Tá mo dheartháir trí bliana d'aois.
Tá Máire deich mbliana d'aois.

Daichead bliain
Fiche bliain
Ochtó bliain
Tríocha bliain
Sé bliana déag
Seasca bliain
Céad bliain
Seachtó bliain
Caoga bliain
Nócha bliain

[02_02.mp3](#)

Téipscrip **Bileog 2.2**

Jan: Cá bhfuil d'fhear céile, Cormac, imithe?
Máire: Ó, Cormac, tá sé imithe abhaile. Níl muid pósta.
Jan: Tuigim. Cá fhad atá sibh ag siúl amach le chéile?
Máire: Trí bliana anois. Agus tú féin? An bhfuil tú féin pósta?
Jan: Em, níl, tá muid scartha.
Máire: Tá brón orm faoi sin. Cá fhad atá sibh scartha?
Jan: Táimid scartha le bliain. Bhí muid pósta ar feadh deich mbliana.



[02_04.mp3](#)

Téipscrip **Bileog 2.4**

Sinéad: Dia dhuit, a Pheadair, conas atá tú?
Peadar: Go maith, a Shinéad. Go maith.
Sinéad: Anois, a Pheadair. Tá scéal casta grá agatsa, sílim. Bhís pósta cúpla uair, nach raibh?
Peadar: Bhí. Bhí mé pósta dhá uair. Leis an gcéad bhean ar feadh deich mbliana agus leis an mbean eile ar feadh dhá bhliain.
Sinéad: Agus cén fhad atá tú colscartha anois?
Peadar: Le cúig bliana anuas. Ach, tá mé ag siúl amach le bean álainn ón Fhrainc anois.

Sinéad: An bhfuil? Nach breá duit? Cén fhad atá tú ag dul amach leis an mbean nua seo?
Peadar: Le ceithre bliana. Tá muid an-sásta ar fad.

[02_07.mp3](#)

Téipscript **Bileog 2.7**

Síle: Cé mhéad páiste atá agat, a Thomáis?
Tomás: Tá beirt mhac agam agus iníon amháin. Cé mhéad páiste atá agat féin?
Síle: Tá triúr mac agus beirt iníonacha agam.

[02_09.mp3](#)

Téipscript **Bileog 2.9**

Máire: An bhfuil páistí agat?
Jan: Tá. Tá siad lena máthair.
Máire: Ó, an bhfuil? Cé mhéad páiste atá agat?
Jan: Tá triúr mac agam.
Máire: Tá sé sin go hálainn ar fad. Cén aois atá siad?
Jan: Tá Neils, an duine is sine, ocht mbliana d'aois. Tá Gunther sé bliana agus tá Hector, an duine is óige, trí bliana d'aois.

[02_10.mp3](#)

Téipscript **Bileog 2.10**

Sarah an t-ainm atá ar mo mháthair mhór agus John an t-ainm atá ar m'athair mór. Tá siad beirt ochtó bliain d'aois. Bhí iníon amháin acu, mo mháthair. Clíona an t-ainm atá uirthi. Is páiste aonair í. Níl deartháir nó deirfiúr ar bith aici, agus mar sin níl uncail nó aintín ar bith agamsa. Tá sí pósta le m'athair, Pól, le daichead bliain anuas. Tá mo mháthair seasca bliain d'aois agus tá m'athair cúig bliana is seasca.

Tá deirfiúr amháin agam, Áine. Tá sí tríocha. Is ise an duine is sine. Ansin, tá mé féin ann. Tá mise ocht mbliana is fiche. Tá beirt deartháireacha agam. Tá mo dheartháir Colm sé bliana is fiche agus Cathal, an duine is óige, fiche bliain d'aois.